



CLÁR NA NUACHTLITREACH

Lch ② Cairdeas agus Sean-nathanna

Lch ③ Laochra spóirt Davy Fitzgerald Lch ⑤ Aclaíocht le Dílsigh

Lch ⑥ Scéalaíocht Lch ⑦ Rannóg na nÓg le hÁinín Uí Chasaide

Comórtas tallaine do dhaoine óga

Tá comórtas tallaine do dhaoine óga 'Slua le Bua 2020' seolta ag Cumann na bhFiann.

Beidh an comórtas á reáchtáil ag Cumann na bhFiann ar líne.

Tá sé oscailte do dhaoine le Gaeilge labhartha idir 12-18 bliain d'aois agus duaischiste de €2,000/£1,750 ag dul leis.

Tá gach eolas ar fáil ag www.cnb.ie nó slualebua@cnb.ie.

An Chéad Áit - €1,200/£1,050
An Dara hÁit - €500/£440
An Tríú hÁit - €300/£260

SLUA LE BUA 2020

CUMANN na bhFIANN

SPRIOCDHÁTA
19/06/2020

Foras na Gaeilge

Comórtas Tallainne ar Líne trí mheán na Gaeilge do Dhaoine
12-18 bl. d'aois. Gach eolas ar www.cnb.ie

Online Irish Language Talent Competition for 12-18 year olds.
All Information on www.cnb.ie



Teanga Tí

SEANFHOCAIL NA SEACHTAINE

CAIRDEAS

Is maith an scáthán súil charad

Mol an óige agus tiocfaidh sí; Cáin
an óige agus críonnfaidh sí

Cíonn beirt rud nach bhfeiceann
duine amháin

Is fearr beagán den ghaol ná mórán
den charthanas

Is fuar an rud clú gan chara

Fonn cátha agus goil chun báire

Davy Fitzgerald, Laoch Spóirt le Liam de Lása

Is cuimhin liom go maith an chéad uair a leagas súil ar Davy Fitzgerald. Ní rabhas ach i mo ghasúr óg timpeall cúig bliana ach fós tá an pictiúr san greanta isteach i mo cheann.

Bhíos fé dhraíocht ar fad ag a dhíocas, a fhone cátha agus a ghoil chun báire chomh luath is a phléasc sé amach as na seomraí feistis. Ar nós cú ar thóir ghiorria do thug sé fogha fíochmhar fén gcúl.

An léasadh a thug sé don chamán ón gcuaille ar an dá thaobh sular sheol a leathbhádóir léagar urchair isteach ina threo.

Bhí m'athair ag maoirseoireacht ar an bpáirc na laethanta san agus tugadh an cúram domsa an sliotar a thabhairt thar n-ais go dtí an báireoir. Ba dheacair é sin a mhíniú do pháistí na laethanta seo.

Sular tháinig laethanta na meán sóisialta chugainn níor mhair ár laochra i mórán cásanna ach ar scáileán an Domhnaigh amháin. Bhíos ar neamh ag féachaint ar fhathaigh na linne.

Má théimid siar go dtí laethanta a óige féin nochtann sé ina leabhar Passion and Pride eachtraí an tsaoil a mhúnlaigh é.

Labhrann sé go hoscailte faoin mbulaíocht a deineadh air ar scoil agus an spreagadh a thug sé don ngasúr óg a fhís a fhíorú agus céimeanna Séamus Durak a leanúint i ngeansaí Chontae an Chláir.

Díríonn sé ar iomaíocht an iománaí óig ag iarraidh briseadh isteach ar an bhfoireann ar dtús.

D'éiríodh sé níos luaithe ná a chéile comhraic ar maidin agus théadh sé ag traenáil agus é ag



dul thar bráid díreach le taispeáint dó nach raibh sé chun an lámh in uachtar a fháil air.

Ceannródaíoch

Ba thréimhse cheannródaíoch é na 90í san iomáint agus foireann an Chláir ag tuargaint ar an doras ó 1993 ar aghaidh.

Chríochnaigh Davy le dhá bhonn uile-Éireann mar thoradh agus meas athchothaithe aige sa chontae.

Is troime a luíonn ualach na staire ar fhoirne áirithe ach bhí na Cláirínigh meáite ar thalamh nua a bhriseadh.

Chabhraigh sé go mór leo go raibh fear teasaí agus beomhar idir na cuailí agus é ullamh chun aon

deis scórala a shlogadh roimhe.

D'athscríobh an fhoireann san scéal iománaíochta an Chláir agus bhí Davy áirithe i measc na bpríomhchumadóirí.

Saol an Bhainisteora

Ní fhanfadh sé díomhain riamh agus bheadh an carachtar fuinniúil, paiseanta le feiscint ar ár scáileáin go luath tar éis dó éirí as mar imreoir.

Tháinig an glaoh gan choinne nuair a d'fhág bainisteoir na nDéise a chúram i lár na craobhe in 2008. Léirigh sé a dhintíúirí mar bhainisteoir láithreach bonn nuair a stiúraigh sé an long go dtí an cluiche ceannais.

[Ar lean leathanach 4](#)

Fonn cátha agus goil chun báire



Ar lean ó leathanach 3

Anois agus 12 bliain caite aige mar cheann feadhna ar fhoirne eadar-chontae agus é tar éis Corn Mhic Cárthaigh a bhuachaint lena chontae dúchais féin,

Craobh na Mumhan a bhuachaint le Port Láirge i 2010 agus tréimhse réabhlóideach a chaitheamh le Loch Garman a mhaireann go fóill tá na honóracha go léir buaite ag Davy ar an taobhlíne.

Tá sé deimnithe ag lucht riartha na gcluichí nach mbeidh ár gcraobh againn an samhradh seo.

Braithfidimid uainn go léir ó chroí an t-aicsean, an chaint, an chonspóid agus draíocht na craoibhe go deimhin, ach admhaím go mbraithfidh mé féin paisean agus mórtas Davy Fitzgerald go mór uaim agus é ag gríosadh a threibhe chun buachaint. Go gcífidimid é sin go luath.

Cuardach Focal

L	T	F	A	T	H	A	I	G	H	U	L	P	I
M	O	L	C	I	H	M	A	L	L	U	A	A	O
A	U	N	H	G	A	U	A	A	A	S	T	I	A
L	A	I	G	R	E	A	N	T	A	E	N	S	A
A	N	I	D	I	A	M	U	L	A	O	A	E	S
A	R	A	F	I	G	A	T	E	O	M	H	A	A
B	B	A	L	L	P	A	S	A	A	R	T	N	R
E	G	T	M	I	E	N	H	B	N	A	E	T	O
U	A	H	M	A	E	N	A	H	D	A	A	A	D
A	T	S	P	L	A	N	C	A	A	S	L	S	D
L	L	G	I	H	A	I	T	R	R	U	L	A	H
A	I	L	B	E	O	M	H	A	R	R	A	I	A
C	L	L	A	E	P	M	I	T	M	A	A	G	E
H	I	H	C	A	R	A	C	H	T	A	R	I	M

LEABHAR
SPLANC
CARACTAR
MAIDIN
PAISEANTA
SEOMRA
TIMPEALL
GREANTA
LAETHANTA
LONG
DORAS
UALACH
FATHAIGH
ULLAMH
BEOMHAR
NEAMH



Aclaíocht & Spraoid



Teanga Tí

Aclaíocht le Dísligh



Rolla:	Gníomh:	Cén méid/am
2	Léimeanna réalt	10
3	Siúl ar nós béar	20 soicind
4	Seas ar chos amháin	30 soicind
5	Léim thart ar nós frog	20soicind
6	Glúine ard	15 soicind
7	Gogaireachta	15
8	Brúnna aníos	10
9	Planc	20 soicind
10	Léim ó chos amháin go dtí an cos eile	30 soicind
11	Siúl ar nós portán	20 soicnd
12	Beir ar na scamail sa spéir	10

Bainigí taitneamh as!



Glór
na nGael

Is olc an ghaoth nach séidean maith do dhuine éigin

Scéal gairid le Liam de Lása

Shuigh Róisín ar imeall an toilg agus í ag cíoradh chruatan an tsaoil ina ceann. Bhí súil sall agus súil abhus aici ag tabhairt gach aon ní faoi deara taobh amuigh.

An ghrian ag scalladh anuas ar na tithe, fad is leithead an eastáit. Ba dhóigh leat go raibh biaiste an tsamhaidh buailte linn ón radharc álainn ó thigh Uí Chadhain an tráthnóna séimh san.

De gnáth bheifí ag súil le tarrac agus fuirseadh na bpáistí áitiúla amuigh ar an bhfaiche, ach in ionad geoin a nglórtha, bhí ciúnas diamhair tithe ar an áit le roinnt seachtainí anuas.

Bhí Róisín agus a cairde ag baint lán sásaimh as a laethanta scoile nuair a tháinig clabhsúr obann leo.

Tháinig leathadh ar a súile le háthas ar ndóigh, nuair a fógraíodh go mbeadh tamall saor acu ón scoil, ach tá fonn cuideachta agus fonn cleachtaidh uirthi ó shin.

Braitheann sí a cairde go mór uaithi agus bhí an saol suaite sa tigh ó thús na géarchéime ar aghaidh.

Níorbh é an easpa chomhludair amháin a bhí ag dó na geirbe di. Chuimhnigh sí ar na ranganna breátha agus na ceachtanna a bhí á chailliúint aici ag fanacht ón scoil gach lá.

Taibhsíodh di go raibh am curtha amú aici, toisc gur aithin sí ról na scoile ina saol. *"An mbeidh mé fágtha ar an trá fholamh an bhliain seo chugainn?"* a smaoinigh sí. Conas a bhféadfadh



sí dul ar aghaidh bliain amháin eile gan ceachtanna nua foghlamtha aici?

D'airigh a mháthair go raibh rud éigin ag cur as di chomh luath is a sháigh sí a ceann isteach tríd an doras leathoscailte idir an chistin agus an seomra suí.

Bíonn Róisín lán de rógaireacht sa tigh i gcónaí ach ba rí-shoiléir nach amhlaidh a bhí an tráthnóna úd.

Bíonn cumhacht speisialta ag máithreacha a bhfuil ag cur isteach orainn a aithint agus bhí fios fátha an bhróin braite aici.

"Is mór an chabhair thú timpeall an tí" a dúirt sí gan fiú is haló a rá. *"Éist, tá níos mó foghlamtha agat faoin saol le déanaí ná mar a d'fhoghlaim tú ón lá a tháinig tú ar an saol."*

Bhí Róisín ag foghlaim modhanna cócaireachta, oideas bácála, ábhair chnótála agus a thuilleadh scileanna nach iad.

Ní raibh na leabhair ag clúdach gach cúinne den bhord san oíche a thuilleadh ach mhínigh a máthair gur fiúntaí ar fad na scileanna nua di ina saol.

Bhí Róisín fásta suas in cailín óg dá bharr. Is uirthi a thit roinnt cúramaí tí mar go raibh post antábachtach ag a tuismitheoirí, ag cosaint a n-othar ón Víreas gránna seo san ospidéal.

Thuig sí go maith go raibh freagrachtaí nua aici sa chlann agus bhí sí díongbháilte a cuid dualgas a chomhlíonadh.

D'fhill Róisín ar fhocail a máthar ina haigne féin an oíche sin. In san machnamh di d'admhaigh sí gur uaigní a bhí a saol na laethanta seo gan comhlúadar a carad, scéalta grinn a múinteora agus ceachtanna spreagúla ón scoil.

Buailfidh Róisín agus a cairde le chéile nuair a bheidh sé sábháilte len é a dhéanamh. Cé nach n-aithneoidh cuid acu é ach an uair seo, beidh ceachtanna luachmhara an tsaoil foghlamtha acu agus is mó scéalta a bheidh le heachtra chomh maith.

Is am dúshlánach é seo do pháistí ar fud an tíre. Tugann an sos gan choinne ón scoil deis luachmhar dóibh forbairt phearsanta a dhéanamh ar aistear an tsaoil.



Aireachas do Pháistí 2



Bláth sa Ghrian

Luigh ar an urlár, ar mhata nó ar do leaba. Dún do shúile agus tarraing isteach trí anáil dhomhain aireach. Mothaigh iad i do shrón, i do scamhóga agus i do bholg.

1

Samhlaigh bláth i do chroí. Tá na piotail oscailte go leathan. Is bláth álainn é.


2

Samhlaigh solas ag soilsiú ón ghrian anuas ar an bhláth. Amharc ar na piotail agus iad ag druidim go mall thart ar an solas.

3

Coinnigh d'fhócas ar an bhláth. Thig leat do scíth a ligint nó titim i do chodladh agus tú ag smaoineamh ar shuaimhneas an bhlátha.

4



Glór
na nGael

Déan teagmháil linn:
ainin@glornangael.ie

